2024/2502

24.9.2024

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2024/2502 ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Meán Fómhair 2024

## lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-209/22 ([2]), ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

Z. FELDMAN

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

([2]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra Méadaithe) an 17 Iúil 2024 – *Shahla Makhlouf v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-209/22, ECLI:EU:T:2024:498.

*IARSCRÍBHINN*

Scriostar an iontráil seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A (‘Daoine’) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

‘320. Shalaa Mohammed MAKHLOUF’.